

Clár

1	Cé a Íocann Árachas Sóisialach (ÁSPC)?	2
2	Fostaíochtaí Teaghlaigh atá faoi chlúdach Árachais Shóisialaigh (PRSI)	2
3	Fostaíochtaí Teaghlaigh nach bhfuil faoi chlúdach Árachais Shóisialaigh (PRSI)	3
4	Ná Déan Dearmad!	4
5	Cuideachtaí Teoranta agus Páirtíochtaí	4
6	Cinntí agus Achomhairc	6
7	Na Cineálacha Sochar atá Clúdaithe	7
8	Achoimre	8
9	Breis Eolais	8

1. Cé a Íocann Árachas Sóisialach (ÁSPC)?

Go hiondúil ní mór do:

- gach fostaí, is cuma cé acu páirtaimseartha nó lánaimseartha, agus
- gach oibrí féinfhostaithe a thuilleann €3,174 nó níos móin aghaidh na bliana, le gach cineál teacht isteach san áireamh

atá 16 bliain nó níos sine ranníocaíochtaí Árachais Shóisialta (ÁSPC) a dhéanamh. De thoradh na ranníocaíochtaí sin clúdófar na fostaíthe sin faoi réimse leathan sochar agus pinsean (féach cuid 7 má tá sonraí uait maidir leis na sochair atá clúdaithe faoi phríomhchineálacha ÁSPC).

Tá eisceachtaí ann maidir le cásanna áirithe a bhaineann le 'Fostaíocht Teaghlaigh', áfach. Úsáidtear an téarma sin chun tagairt a dhéanamh do thrádálaí aonair/dhuine gnó féinfhostaithe, a bhfuil céile nó ball eile dá t(h)eaghlach fostaíthe nó ag cuidiú le hobair laethúil an ghnó sin.

(Muna bhfuil an gnó á stiúradh mar thrádálaí aonair – mar shampla, más Cuideacht Theoranta nó más Comhpháirtíocht é an gnó – ní 'Fostaíocht Teaghlaigh' atá i gceist (amharc Cuid 5).)

2. Fostaíochtaí Teaghlaigh atá faoi chlúdach Árachais Shóisialaigh (PRSI)

Seo roinnt samplaí maidir le Fostaíochtaí Teaghlaigh a bhíonn faoi chlúdach Árachais Shóisialaigh:

- Fostaíocht le 'gaol forordaithe'* agus **gan an fhostaíocht sin bheith ar fheirm, nó, i dteach príomháideach ina bhfuil tusa nó d'fhostóir i bhur gcónaí** (baineann sé sin le hAicmí A agus J den ÁSPC).

- Má tá tú fostaithe **mar phrintíseach** ag 'gaol forordaithe'* (*fiú amháin má tá an fhostaíocht phrintíseach sin ar fheirm nó i dteach príobháideach ina bhfuil tusa nó d'fhostóir i bhur gcónaí*). Is gá go mbeadh Conradh cláraithe Fostaíochta eadraibh (baineann sé sin le hAicmí A agus J den ÁSPC).

* Ciallaíonn 'Gaoil forordaithe is a tuismitheoir, athair críonna, máthair chríonna, leastuismitheoir, mac, iníon, garmhac, gariníon, leasmhac, leasiníon, deartháir, deirfiúr, leasdeartháir, leasdeirfiúr.

3. Fostaíochtaí Teaghlaigh nach bhfuil faoi chlúdach Árachais Shóisialaigh (PRSI)

Seo roinnt samplaí maidir le Fostaíochtaí Teaghlaigh **nach mbíonn** faoi chlúdach Árachais Shóisialaigh:

- Má tá tú fostaithe mar fhostaí ag do chéile.
- Má tá tú fostaithe mar fhostaí ag 'gaol forordaithe' agus an fhostaíocht sin ar fheirm, nó i dteach príobháideach ina gcónaíonn tusa agus d'fhostóir.
- Má chabhraíonn tú le hobair laethúil ghnó do theaghlaigh **gan** a bheith d'fhostaí ann. (Mar shampla, mac nó iníon atá ar scoil a chabhraíonn leis an ngnó (e.g. ar an bhfeirm) tar éis na scoile, nó, dá ndéanfadh céile nach raibh mar fhostaí ag an ngnó, leabharchoimeád an ghnó).

NÓTAÍ

- (1) Cé go bhféadfá gan a bheith oiriúnach chun críocha árachais shóisialaigh, is féidir go mbainfeadh Aicme K den ÁSPC (Ranníocaíocht Sláinte) leat.
- (2) Úsáidtar Aicme M ÁSPC chun cúinsí a thaifeadhach nach mbíonn dliteanas ar bith Árachais Shóisialaigh ná fós Ranníocaíochtaí Sláinte ag baint leo.
- (3) Faoi réir ag coinníollacha áirithe, má thagann deireadh le do chlúdach faoi ÁSPC éigeantach, tig leat tú féin a chlúdach go deonach agus Ranníocaíochtaí Deonacha a íoc ina leith. Féach sonraí breise i mbileog eolais “Treoir do Ranníocaíochtaí Deonacha” (SW 8) na Roinne.

4. Ná Déan Dearmad!

Ciallaíonn ‘fostaithe mar fhostaí’ go bhfuil tú fostaithe i ngnó do theaghlaigh faoi na coinníollacha céanna a bhaineann le fostaithe nach gaolta iad. Mar sin, bheifeá faoi smacht, faoi stiúir agus faoi threoir an fhostóra, bheadh tuarastal agus pá saoire ag gabháil duit agus ní bheadh smacht ar bith agat ar stiúradh an ghnó.

5. Cuideachtaí Teoranta agus Páirtíochtaí

Tá eisceachtaí dlí ag baint le Cuideachtaí Teoranta agus le Páirtíochtaí. **Ní** ‘Fostaíocht Teaghlaigh’ atá iontu, toisc gur leis an gCuideachta nó leis an bPáirtíocht a bhaineann an fhostaíocht, seachas leis an duine i do theaghlach ar leis/léi an gnó.

Cuideachta Theoranta

Má tá Cuideachta Theoranta ag do chéile nó ag duine ar bith eile i do theaghlach agus, má tá tú fostaithe ann, braitheann an méid ÁSPC a íocann tú ar choinníollacha na fostaíochta sin.

- Má tá tú fostaithe mar fhostaí is féidir árachas a thógáil amach (faoi Aicme A nó J den ÁSPC).
- **Mura fostaí** tú, ach go mbíonn baint agat le hobair laethúil na cuideachta, le stiúirthoireacht/scairsealbhóireacht an chomhlachta agus smacht agat ar oibríochtaí an chomhlachta is féidir go gcaithfí leat mar fhéinfhostóir. Má thuilleann tú €3,174 ar a laghad le gach cineál teacht isteach san áireamh, baineann Aicme S den ÁSPC leat.

Bíonn deacrachtaí ag baint leis na cásanna sin thuas. Baineann na deacrachtaí seo le conas idirdhealú a dhéanamh idir duine atá fostaithe agus duine atá fostaithe mar fhostaí. Tá na critéir chuí leagtha amach i gcáipéis den teideal 'Cód Cleachtas Maidir le Stádas Fostaíochta nó Féinfhostaíochta Daoine'. Is féidir cóipeanna den chód cleachtas sin a fháil ón Roinn.

Páirtíochtaí

Má bhíonn gnó á stiúradh ag beirt nó níos mó as aon teaghlach amháin mar Chomhpháirtíocht agus má roinneann siad an brábús eatarthu, is féidir leo ranníocaíochtaí ÁSPC a dhéanamh mar fhéinfhostóirí. Caithfidh na féinfhostóirí sin a bheith ag tuilleamh €3,174 an duine ar a laghad agus ioncam as gach foinse á chur san áireamh. Ba cheart aird a thabhairt ar na pointí seo a leanas:

- **Is gá** cruthúnas, i bhfoirm cáipéise, a bheith agat le taispeáint gur fóir-Pháirtíocht atá i do ghnó – comhchuntais bainc, sinithe ar shonraisc, ar mharglann, ar chuntais uachtarlainne, ar chuntais íoc agus iompair, ar fhoirmeacha iarratais le haghaidh deontas feirme, ar cháipéisí maidir le líon na n-ainmhithe atá agat, ar pholasaithe árachais le haghaidh na páirtíochta, mar shampla.

- Is é an rud is mó a léiríonn go bhfuil fíor-Pháirtíocht ann ná an dóigh a roinntear an brábús (nó an caillteanas). Ba cheart do gach páirtí Tuairisceán um Cháin Ioncaim a chur ar fáil ina léirítear a sciar féin den bhrábús. I gcás daoine pósta a dhéanann tuairisceán cánach a chomh-mheasúnú ní mór dóibh a bheith soiléir faoi ioncam a chéile.
- Ba cheart go ndéantar Tuairisceán um Cháin Ioncaim i gceart do gach bliain reatha. Ní ghlactar le hiarratais maidir le dátaí stádais a bhaineann le Páirtíochtaí a thabhairt siar..

(Bunaitear ranniocaíochtaí ÁSPC ar na sonraí ioncaim a bhíonn i dTuairisceáin um Cháin Ioncaim.)

6. Cinntí agus Achomhairc

I gcás a mbíonn tú in amhras, maidir le do stádas árachais shóisialaigh, is féidir scríobh go dtí an seoladh thíos chun cinneadh foirmeálta a iarraidh:

An Rannóg Scóipe

An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh

Teach Oisín

212-213 Sráid na bPiarsach

Baile Átha Cliath 1

Guthán: (01) 704 3000

Rphost: info@welfare.ie

Baineann an próiseas sin, ar an gcéad dul síos le himscrúdú ar choinníollacha na fostaíochta, agus, ina dhiaidh sin, cinneadh le hOifigeach Cinnidh de réir reachtaíocht Leasa Shóisialaigh.

I gcás nach mbíonn tú sásta le cinneadh déanta ag Oifigeach Cinnidh, itá cead achomhairc agat ina leith sin (laistigh de 21 lá) chuig:

An Príomhoifigeach Achomharc

An Oifig um Achomhairc Leasa Shóisialaigh

Teach D'Olier

Sráid D'Olier

Baile Átha Cliath 2

Guthán: (01) 673 2800

LoCall: 1890 747 434

Eagras neamhspleách is ea an Oifig um Achomhairc Leasa Shóisialaigh, a bhíonn ag plé le hachomhairc i gcoinne cinntí Leasa Shóisialaigh.

7. Na Cineálacha Sochar atá Clúdaithe

- **Aicme A** – Gach sochar agus pinsean árachais shóisialaigh.
- **Aicme S** – Pinsean (Ranníocach) Seanaoise, Pinsean (Ranníocach) Baintrí, Liúntas (Ranníocach) Dílleachta, Sochar Máithreachais, Sochar Uchtála agus Deontas Méala.
- **Aicme J** – Sochar um Ghortú Ceirde amháin.
- **Aicme K** – Gan sochar árachais shóisialaigh ar bith. Gan ann ach Ranníocaíocht Sláinte, lena maoinítear seirbhísí sláinte.
- **Aicme M** – Faoi chúinsí áirithe is féidir Sochair um Ghortú Ceirde a íoc. Baineann Aicme M le daoine gan dlíteanas ranníocaíochta ar bith.

Tá eolas breise mar gheall ar Aicmí éagsúla ÁSPC le fáil i mbileog **SW 14** “Rátaí Ranníocaíochtaí ÁSPC agus Treoir d’Úsáideoirí” na Roinne.

8. Achoimre

Saghas Fostaíochta Teaghlaigh:	Staid ÁSPC:
<ul style="list-style-type: none"> • Fostaithe ag Céile • Ag cabhrú le ‘Gaoil Forordaithe’ nó le Céile i reáchtáil gnó • Fostaithe ag ‘Gaoil Forordaithe’ <ul style="list-style-type: none"> (a) I dtigh an teaghlaigh nó ar fheirm ar a gcónaíonn siad araon (b) Ní i dtigh an teaghlaigh ná fós ar fheirm ar a gcónaíonn siad araon (c) Mar Phrintíseach 	<p>Neamhinárachais Aicme K nó M</p> <p>Neamhinárachais Aicme K nó M</p> <p>Neamhinárachais Aicme K nó M</p> <p>Inárachais faoi Aicme A nó J</p> <p>Inárachais faoi Aicme A nó J</p>

9. Breis Eolais

Má bhíonn ceist ort faoi chuid ar bith den bhileog seo nó má bhíonn tuilleadh eolais de dhíth ort, téir i dteagmháil, le do thoil, le **Rannóg na Scóipe** (tá seoladh agus sonraí teagmhála i gCuid 6).

Tá fáil ar eolas maidir le Seirbhísí Leasa Shóisialaigh ar fáil, chomh maith, ar www.welfare.ie.

BILEOGA EILE A D’FHÉADFÁ SPÉIS A CHUR IONTU:

Treoir um Ranníocaíochtaí Deonacha SW 8

Rátaí Ranníocaíochtaí ÁSPC agus Treoir d’Úsáideoirí SW 14

Cód Cleachtais Maidir le Stádas Fostaíochta
nó Féinfhostaíochta Daoine